# Guth Ghoill

Luach:€1.50

**Paidir Maidine:**

Ó, a Dhia, duitse a bheirim,
Gach ní a smaoiním,
a dhéanaim nó a deirim,
Mar aon lena ndearna
Íosa domh.
Coinnigh mé saor ó olc inniu.




***Téann an saol thart mar bheadh eiteoga air agus cuireann gach aon Nollaig blaiain eile ar do ghualainn***

*xoxoxox*

Ba mhaith le Foireann Chéim Aniar Beannachtaí na Nollag agus Athbhliain faoi Mhaise a ghuí oraibh uilig.

# Beannachtaí na Nollag

**Litir ó Dhaidí na Nollag chuig na páistí maithe uilig i bparóiste Mhíobhaigh i nGaeltacht Ros Goill i dTír Chonaill, Mí na Nollag 2006.**

*Bhuel, a pháistí, go mbeannaidh Dia dhíbh go léir agus tá mé cinnte go bhfuil sibh breá sásta go bhfuil aimsir na Nollag againn arís, agus sibh ar laethanta saoire ón scoil agus ag fanacht go géar le mo chuairt oraibh Oíche Nollag. Anois tá súil agam go raibh sibh uilig go maith i rith na bliana agus go raibh sibh ag obair go cruaidh sa bhaile agus ar scoil. Agus tá mé cinnte go mbeidh sibh breá buíoch ar shon cibí caidé bronntanais a gheobhann sibh, agus ar shon an dinnéir dheas a bheas agaibh Lá Nollag, agus fhios agaibh go bhfuil na míltí mílte páistí beaga ar fud an domhain nach bhfuil a dhath acu. Agus bígí go maith dá chéile sa bhaile, agus ag cuidiú fán teach, agus thar rud ar bith eile gabhaigí a luí agus a chodladh go breá luath mar ní thig liom cuairt a thabhairt oraibh má bhíonn sibh muscailte!!! Anois guím Nollaig Shona fá shuaimhneas díbh uilig agus do bhur muintir agus do bhur gcairde uilig. Bígí maith dá chéile i gcónaí agus beir beannachtai uaimse, Daidí na Nollag, le grá díbh uilig. xxx*

Bhí Daidí na Nollag ar roinnt cuairteanna cheana sa cheantar seo! Seo ar dheis é ag dáileadh beartanna Nollag ar pháistí Naíonra Dhiarmada agus Ghráinne sa Choláiste Gaeilge, agus ar Chlub Gaeilge Thír na nÓg sa Chlubtheach ar na mallaibh.





# AN CLÁR

## Iris Céim Aniar


Litir ó Dhaidí na Nollag .......................... 1

Clár........................................................ 2

An Meall Mór............................................ 3

An Scoil le Proinsí.................................... 4

Scoil Mhíobhaigh & An Criob.............. 5

Ag Caitheamh Nollag le hÍosa
Chríost i mbliana & Gainne Mór....... 6

Clann Uí Luodhóg &
An tOireachtas.............................. 7,8&9

An Ghlíob............................10,11,12&13

Oíche Chiúin..........................................14

Ár Muintir is Sine............................15&16

Cupla Seanfhocal................................. 17

Feadaímó.......................................... 18&19

Dánta "Deis Labhartha"
& Gníomh Don Gaeltacht.................. 20




# An Meall Mór




*Seo an baile fearainn is faide ó thuaidh i leathinis Ros Goill. Tá achar 396 n-acra sa leathinis agus dhá loch suite ann fosta. Bhiodh portach ann le cuimhne na ndaoine, ach tá an mhóin uilig bainte anois. Bhí cairéal eibhir (granite quarry) ann le linn réime an Tiarna Liatroma ach de réir an tseanchais ghearr sé cáin ar an eibhear a bhiothas a onnmhairiú agus chuir sin deireadh leis an tionscal seo. Tá rianta de na huirlisí a bhí in úsáid le feiceáil go fóill san áit. Is cuid den chloch eibhir seo atá le feiceáil i Lloyds Bank i Kensington i Londain agus an t-eolas faoi fhoinse na cloiche greannta i nGaeilge ar leac i mballa na baince. Is é an Tiarna Phillimore a thóg an banc seo agus is é an fear céanna a thóg Brú na hÓige i dTrá na Rosann. Is dóiche gur seo an ceangal idir an dá áit.*



*Tógadh an teach solais os cionn leath chéad bliain ó shoin agus, i dtús ama, tugadh an ola fá na choinne chomh fada le tí Dhonnchaidhe Mhicheáil i gCluain tSalach agus as sin chomh fada leis an Mheall Mhór ar bhéathach agus cairt agus ar asal agus cléibh don chuid dheireanach den aistear isteach ar Oileán Mhic Réadaigh, áit a bhfuil an teach solais suite. Nach mór an t-athrú ar an tsaol ó shoin! Thóg Rialtas na Breataine túr ar an phointe is airde den leathinis le linn an cogaidh le Napoleon leis an cósta a shábhail ó ionsaí ar bith a dhéanfadh na Francaigh. Bhí an túr seo 20 troigh cearnach agus 46 troigh ar airde. Tá cuid de na sean bhallóga le feiceáil ann go fóill. Dheantaí cuid mhór iascaireachta fan Mheall Mhór sa tsean-am agus leoga go fóill, iascaireacht slata agus curaigh ina measc. Sa lá inniu tá na tithe uilig suite ar an taobh thoir den leathinis ach de réir m'eolas is ag taobh an loch beag a bhí an chuid is mó de na daoine ina gcónaí i bhfad ó shoin. Is é an chiall atá leis an ainm Meall ná cnoc agus is dóiche gurb é an cnoc ó thuaidh a thug a ainm don bhaile ghalánta uasal seo.*



*Cé go mbíonn go leor turasóirí le fáil ann i rith an tsamhraidh thig leat suaimhneas agus síocháin a bheith agat i measc cuan agus cladach, cnoc agus gleann. Gura fada a mhairfidh sé mar seo.*

# An Scoil le Proinsí



Chuaigh mise go scoil Mhíobhaigh in 1939 nuair a bhí mé cúig bliana d'aois. Scoil dheas a bhí inti a tógadh in 1923. Dhá sheomra a bhí inti le tine oscailte i ngach seomra. Ba é sin tús an chogaidh agus bhí gach rud an-ghann. Bhí againn le dhá fhód móna a thabhairt linn' na scoile gach maidin fá choinne an tine. Lena chois sin bhí againn le dhul amach agus brosna a chruinniú leis an tine a fháil i gceann oibre. Sin é giotaí do shean dhreasóga, caonach marbh agus cac asail tirim. Bhí an cac asail cuid mhaith níos fearr ná na 'peat briquettes' atá againn ins an am atá I láthair. Ní raibh a leithéid de rud againne is teas lárnach nó uisce reatha. Bhí an máistir ina shuí ag an tábla, a thóin leis an tine agus a dhroim rósta de, agus muidne inár suí sa tseomra caillte leis an fhuacht. Bhí siorradh gaoithe ag teacht isteach faoin doras a ghlanfadh coirce. Bhí na fuinneoga thart fá cheithre troigh ar airde ón urlár. Bhí siad chomh hard le sin sa dóigh is nach mbeadh muid ag amharc amach. Bhí balla cloiche thart ar an scoil, é tuairim's cúig troigh ar airde agus geafta ard iarainn air. D'amharc muidne ar an scoil mar chineál de phríosún ag an am sin. Bhí tobar Charlie Beag Mhicí Eoin thíos faoin scoil agus bhí an tuisce againn le hiompar le buicéad ón tobar go dtí'n scoil. Leithreas 'wc' tirim a bhí againn ar an taobh amuigh den scoil. Bhí sé cosúil le cró na gcearc. Bhí giota leathan adhmaid trasna ó bhalla amháin go dtí an balla eile, agus poll cruinn gearrtha amach as. Nuair a bhí an carnán cosúil le Gáinne Mór agus an poll deas do bheith druidte bhí an t-aoileach le hiompar againn síos go dtí sean teach Mhicí Sweeney le buicéad agus é a spréadh thart. Dúradh go raibh goile maith againn. Is é an páipéar leithrise a bhí againn ná dos féir a tharraingt ar do chosán amach, 'sé sin dá mbeadh faill agat agus tú i ndiaidh súisteáil a fháil ón mháistir. Ar mhullach sin uilig bhuail an bhuinneach muid ó am go ham. Déarfainn nach raibh crupán ar bith ar chuid eallaigh Charlie Beag. Nach maith an dóigh a bhí orainn? Bhí go holc agus ní raibh go maith. Bhí an máistir an-trom ar na toitíní agus nuair nach mbíodh siad in siopa Chití Bhill bhí againn cur suas leis an chat fabhtach. Bhí Cití Bhill maith dúinn. Is iomaí crág mhilseáin agus píosa aráin le h-im is jam a thug sí dúinn. Bhí seancharr ag a hathair Bill agus deirfinn nach raibh mórán eolais aige faoin dóigh leis an inneall a thoiseacht, agus ó am go ham bhíodh scuad againne amuigh ón scoil le lámh chuidithe a thabhairt do Bhill a charr a chur ar obair. Dá mbeadh na hamanna sin uilig curtha le chéile déarfainn gur bhrúigh muid an carr sin go Leitir Ceanainn agus níos faide. Le cois sin gheobhadh Bill lód móna ó am go ham agus bhí againn le cruach a dhéanamh di. Nuair nach mbíodh toitíní ag Cití Bhill bhí againn dhul suas go dtí siopa Maggie Sharlie Phádraig i gCluain tSaileach. Le cois an tsiopa bhí oifig an phoist ag Maggie agus an t-aon fón fán áit. Gnoithe ar bith a bhí agat ar an fón is í Maggie a rinne an chaint, ba chuma lei dá mbeadh an siopa lán daoine, bhí a fhios ag an bhaile do ghnoíthe. Bhí croí mór ag Maggie agus is minic a thug sí crág mhór mhilseáin dúinn.

Is cuimhin liom tráthnóna amháin, Dé Satharn a bhí ann, agus bhí an dorchadas ag titim. Tháinig an bhean seo isteach na siopa ag lorg pacéad starch fá choinne léine a mac le dhul chun an Aifrinn Dé Domhnaigh. Ní raibh ag Maggie ach solas coinnle agus ní raibh sí ábalta é a fháil. "ní thig liom an starch a fháil" a dúirt sí. Féach agus faigh an starch a Mhaggie," dúirt an bhean eile, " is maith le mo mhac léine gheal a bheith air Dé Domhnaigh. "Arú! damnú!" arsa Maggie, ca tuige nach gcuireann tú geansaí air mar a nímse le Nothaí." "A ! anois a Mhaggie is maith le mo mhacse léine gheal a bheith aige don Domhnach" dúirt an bhean eile. D'amharc Maggie uirthi agus í rud beag tógtha, "cuir síoda ar ghabhair agus tá sé i dtólamh ina ghabhair." An fear a raibh sí ag caint faoi, chan ' film star' ar bith a bhí ann. Ó Lorda! bhí Maggie gasta leis an spíonóga. Ní raibh muintir an taobh thoir agus muintir an taobh thiar ag fáil ar aghaidh go ró-mhaith lena cheile ó am go ham agus mar sin de bhí muid iontach sásta nuair a d'inis an máistir dúinn go raibh muidinne cuid mhaith chun tosaigh ar mhuintir an taobh thiar. Nach cliste a bhí sé, máistir s'againne. **Proinsí.**

# Scoil Mhíobhaigh

**Nuair a bhí mé trí**
**Chuala mé iomrá ar Scoil Náisiúnta Mhíobhaigh,**
**Scoil mhór gan solas san oíche,**

***Shíl mé 'An mbeidh mé ansin a choíche'?***

***Ach tháinig an lá nuair a bhí mé ann,***
***Siúd mé ag amharc ar bhallaí arda bána,***
***Bhí mo charaiceann is mo chroí ar crith,***
***Faoi Dhia! Cá raibh mé ar chor ar bith?***

***Cha raibh i bhfad go raibh mé i rang a haon,***
***Bhí mé breá ábálta fá choinne ABC agus 1,2,3.***
***Bhí m'athair 's mo mháthair críonna mar mhúinteoirí,***
***Ach dar leis an Roinn nach raibh siad maith go leor.***

***Cha raibh an t-uisce istigh,***
***Bhi an teach beag amuigh,***
***Bhí tine sa Gheimhreadh,***
***Ach bhí muid costarnocht sa t-Samhradh.***

***D'amharc an máistir, bhí mé socair,***
***Ach bhí ar m'intinn dochar,***
***Ghearr mé slat tráthnóna Dé Céadaoine,***
***Fuair mé an chéad bhuille maidin Deardaoin.***

***Bhí an t-airgead is an bia gann,***
***Ach bhí Johnny Cullen mar mate agam,***
***Bhí mo ghaolta ann ó ndeas is i gcéinn,***
***An gaol ab fhearr ná Nóirín í féin.***

***Ón Mheall Mór shiúil Clann Uí Bhrógáin,***
***Giota goirid a rith muintir Mhic Lochlainn,***
***Ach bhí muid uilig ar an taobh thoir,***
***Ár scoil fhéin againn is ár gcinn san aer.***

***B'éigean do chuid againn dul thar sáile,***
***Daoine eile d'fhan siad fán bhaile,***
***Ar dhóigh amháin nó ar achan ndóigh***
***Don dream óg thiontaigh muid an fód.***
***Rinne an coiste seo gaisce inniu is inné,***
***Ach cumhaigh orthu siúd atá ar shlí na fírinne.***

**Brian Mac Lochlainn**
**(Barnard Bhrianí)**

# Nach uasal an stábla seo thíos?




Agus is rí-álainn ar fad na dealbha agus na híomhánna atá taobh istigh ann, idir dhaoine agus ainmhithe. Cupla mí ó shoin thosaigh cuid de mhuintir an taobh thoir ar an Stábla agus an Chruib a chur le chéile. Chuaigh seisear nó seachtar acu i gceann oibre, trí nó ceithre oíche achan seachtain i mBaile na Deora ó shoin ar aghaidh agus is é seo an toradh a bhí ar a saothar. Eiseamláir sofheicthe é seo ar caidé is féidir le pobal beag a dhéanamh agus iad ag obair as láimh a chéile. Rinne an tAthair Éamonn Mac Lochlainn an Stábla agus a líon tí a bheannú Dé Domhnaigh an 10ú Nollaig ar a 6 a chlog tráthnóna. Lasadh na soilse, tháinig Daidí na Nollag ar Bhriogáid Dóiteáin Charraig Airt agus bhain suas le cupla céad duine sult agus spórt as an chuid eile den tráthnóna sa Síbín Ceoil, idir bhia agus dheoch agus chuideachta. Moladh mór do mhuintir an Taobh Thoir !





## Is glas iad na cnoic i bhfad uainn

# Gáinne Mór

Seo pictiúr spéisiúil de Gháinne Mór a dtáinig muid air ar an idirlín. Bhfuil duine ar bith dár léitheoirí ábalta eolas ar bith a thabhairt dúinn faoi, nó faoi na daoine atá ann nó caidé tá ar siúl acu? Bheadh muid buíoch díbh.

# Ag caitheamh Nollag le hÍosa Críost i mbliana

Tchím na mílte crann Nollag,
Thíos sa domhan fúm,
Le soilse beaga amhail réalta Flaithis,
Ag lonrú sa sneachta úr.
Tá an radharc chomh hiontach sin
Glanaigí ar shiúl na deora,
Mar táim ag caitheamh Nollag
Le hÍosa Críost a stórtha!

Cluinim amhráin Nollag
A bhfuil meas ag daoine orthu,
Ach níl comparáid eatarthu sin
Agus fuaim an cheoil anseo.
Níl cur síos ar chór na bhFlaithis
Mar níl insint ar an lúchair
A thugann glóir na n-aingeal dúinn.

Tá a fhios agam go gcruthnáionn sibh mé
Tchím an phian atá in bhur gcroíthe.
Ach níl mé an fhad sin uaibh a stórtha,
Mar nílimid i bhfad o chéile.
Níl insint ar an tsíochán nó an tsuaimhneas
Atá i bhfus anseo,
I mbliana beidh mé lenár Slánaitheoir
Agus mé ar mó sháimhín só.

Iarrfaidh mé ar Íosa
Bhur spioraid a lasadh suas,
Guígí ar son a chéile
Nuair a ardóidh sibh suas bhur súile.
Bígí sásta domh a dhaoine chóir
Go mbeidh mé i gcuideachta Íosa
Ag Nollaig, an bhliain seo.

Chuir mé bronntanais speisialta chugaibh,
Ón bhFlaitheas uasal anseo,
Sheol mé cuimhní ar leith chugaibh
Do mo ghrá daoibh go deo.
I ndiaidh an tsaoil, tá an grá
Níos luachmhaire ná ór.
Bhí sé i gcónái níos tábhachtaí
Sna scéalta a d'inis Íosa fadó.

Bíodh grá agaibh dá chéile
Mar a dúirt m'Athair a dhéanamh.
Níl insint ar na Beannachtaí
Nó A ghrá go fairsing daoibh.
Mar sín bíodh Nollaig shona agaibh
Agus glanaigí uaibh na deora,
Smaoinígí go bhfuil mé ag caitheamh Nollag
Le hÍosa Críost a stórtha!

***Scríobh Cleona Ní Chruadhlaigh an dán seo i mbéarla agus d'astraigh a máthair Eibhlín é go Gaeilge***

# *Clann Uí Luodhóg- Píolótaí na Maoile Ruaidhe.*

*Maidin Déardaoin an t-aonú lá déag de Mhárta 1937 bhi Michael Joseph Mhicí John agus baicle scolairí eile ar a mbealach 'na scoile. Ní raibh amhail ar bith acu ar an soitheach a bhí ag teacht aníos ag Ál na Dualtaí agus í ar a bealach go dtí'n muileann i mBaile na nGallóglach le lasta cruithneachta. Ba seo radharc a raibh cleachtadh go leor acu air, na soithí seo ag teacht agus ag imeacht ar an Mhaol Ruaidh.*

*Le linn do na gasúraí a bheith ag teacht anuas mala Ghort na Luchóg shéid adharc an bháid trí huaire agus í ina suí trasna ó chladach Dhún Duáin. Níor thuig siad teachtaireacht shéideadh na hadhairce gur shroich siad teach na scoile.*

*Bhí fear caillte ar an fharraige agus b'é an fear a bhí caillte ná Pádraig Shéamais, (Pádraig Ó Luodhóg), píolóta na Maoile Ruaidhe.*

**Pádraig Shéamais**



*Ní fios go cruinn cén bhliain a thosaigh clann Uí Luodhóg ag obair mar phíolótaí ar an Mhaoil Ruaidh ach de réir Johnny, mac Phádraig Shéamais, ba é a shinsheanathair, fear a raibh Eoghan air an chéad duine den bhunadh a thosaigh ar an obair seo agus gur ag an Tiarna Liatroma a bhí sé fostaithe.*

*Is cosúil go ndeachaigh an Tiarna Liatroma ar lorg píolóta nuair a thosaigh sé ag cur bádaí sa tsiúil idir Rawros agus Glascú thart fán bhliain 1883. D'iompar na bádaí seo suas le dhá chéad go leith paisinéir chomh maith le lastaí earraí. Mar sin de chaithfeadh méid bhreá a bheith sna soithí a bhí a dhith don obair seo—soithi gaille a bhí iontu agus ba ainmneacha áitiúla a bhí orthu: an Melmore, an Rosgull, agus an Ganiamore. De thairbhe na bainc ghainimh a bhí sa Mhaoil Ruaidh agus mar go raibh feidhm a bheith ag brath ar an lánmara is cosúil go raibh deacrachtaí ag na soithí seo ag tús ama agus mar a dúirt mé chuaigh an Tiarna ar lorg píolóta. De réir an tseanchais chuir sé agallamh ar thriúr fear agus cuireadh an cheist chéanna ar an triúr acu—'an bhfuil a fhios agat cá háit a bhfuil na bainc ghainimh sa Mhaol Ruaidh?' Is cosúil gur dhúirt an chéad bheirt go raibh barúil mhaith acu ach nuair a cuireadh ceist ar Eoghan Ó Luodhóg dúirt sé nach raibh sé ró-chinnte cá raibh na bainc ghainimh ach go raibh sé iontach cinnte faoi na háiteacha nach raibh siad! Dár ndóigh fuair sé an post.*

**An radharc ó theach Uí Luodhóg**

*Bhí Eoghan pósta ar Nancy Mhór Nic Oireachtaigh as Doire A' Chasáin agus bhí beirt chlainne acu,*



*Máire agus Séamus Mór agus b'é a mhac Séamus Mór a lean leis an obair mar phíolóta.*

*Bhí Séamus Mór pósta dhá uair, ba Bhríd Nic Giolla Chóill as an Raplach an chéad bhean a bhí aige agus i ndiaidh bás na chéad mhná phós sé Sally Nic Giolla Bhríde as Gort na Luchóg. Bhí deichniúr clainne idir an dá phósadh—ochtar gasúr agus beirt ghirseach. Ba é a mhac Padraig a choinnigh traidisiún an phíolóta beo sa teaghlach anois.*

*Bhíodh scéala ag na píolótaí i gcónaí cá huair ba cheart dóibh a bheith ag dúil leis na soithí. Bhí teach chlann Uí Luodhóg, mar atá go fóill, ina shuí i ndeis do chladach Dhún Duáin. Nuair a bhíodh soitheach ar an bhealach léimeadh siad isteach sa churrach agus d'iomraíodh siad síos an bá agus théadh siad ar bord thíos fá cheann an Mhill Mhóir—turas a d'fhéadfadh a bheith maslach agus contúirteach go leor, ag brath ar an aimsir agus ar an fharraige. Nuair a bhíodh sé ró-gharbh théadh siad ar bord ag Dún Duáin.*

*Ba mhaidin gharbh a bhí ann, maidin an aonú lá déag de Mhárta 1937. Is dócha gur shocraigh Pádraig Shéamais nach raibh dóigh ar bith a dtiocfadh leis a dhul síos an bá agus go rachadh sé ar bord ag Dún*

*Duáin. Léim sé isteach ina churrach don uair dheireannach agus d'iomair sé trasna go taobh Fhánada le fanacht leis an soitheach an 'Cragsman' a bhí ar a bealach aníos an bá. Níl an t-eolas faoi cibé a tharla ina dhiaidh sin iontach cruinn. Ach rud amháin atá cinnte agus sin go ndearnadh iarracht Pádraig Shéamais a thabhairt ar bord an tsoithigh agus eiteoga an bháid ag casadh i rith an ama agus mar a luaigh mé roimhe seo bhí maidin gharbh ann.Is furasta a shamhlú cad é chomh deacair agus a bheadh sé fear a thabhairt isteach ar bord ceann de na soithí móra sin amach as currach ar a leithéid de mhaidin. De réir na fianaise a tugadh don choiste cróinéara, a shuigh i gCarraig Airt, caitheadh rópa chuig Pádraig Shéamais agus ina iarracht greim a fháil air thiontaigh an currach agus caitheadh Pádraig san fharraige. Ní bhfuarthas tásc ná tuairisc air ariamh ina dhiaidh sin. Measadh gur tarraingíodh isteach i gcuid eiteoga an bháid é. Bhí Pádraig Shéamais corradh agus trí fichid bliain d'aois ag an am. Fuarthas a churrach an lá arna mhárach ag Ceann an Mhill Mhóir.*

*Bhí breithiúnas an choiste cróinéara suimiúil.*

*'The jury, of which Mr. Clarke, Carrigart, was foreman, returned a verdict of accidental drowning, due to a misunderstanding in the throwing of the rope'*

*Cad é an sórt 'misunderstanding' a thiocfadh a bheith ann faoi chaitheamh rópa? Sin rud nach mbeidh a fhios againn a choíche. Ach níl amhras ar bith ná go raibh míshuaimhneas fán áit maidir le bá Phádraig Shéamais mar gur mheas muintir na háite go ndearna an Captaen Pentleton agus a chriú neamart mhór ar bord an tsoithigh an mhaidin áirithe seo.*

*Bhí Pádraig Shéamais pósta ar Susan Nic Giolla Bhríde, as Leathad Beag, i bhFánaid agus bhí seisear clainne acu—triúr mac agus triúr iníonach.*



**Bá Dhún Duain**

*Duine de na mic ab ea Johnny a chuaigh i gcion oibre mar phíolóta nuair a cailleadh a athar. Tá mé cinnte go raibh aithne mhaith ag mórchuid dár gcuid léitheoirí ar Johnny agus macasamhail a mhuintire roimhe chaith sé a shaol ar an Mhaoil Ruaidh ag tabhairt soithí go Baile na nGallóglach le cruithneacht nó go Rawros fá choinne prátaí póir. Bhí aithne mhaith agam fhéin ar Johnny dar ndóigh mar go raibh sé pósta ar aintín domh, Winnie, agus is iomaí oíche ar feadh blianta a chaith sé féin agus Winnie ag airneáil sa teach. Caithfidh mé a rá go raibh lúchair mhór orm i gcónaí iad a fheiceáil ag teacht mar go raibh seanchas iontach in Johnny agus bhí sé de bhua aige a bheith ábalta craiceann maith a chur ar scéal! Ní iontas ar bith gur bhain Leslie Lucas úsáid mhór as mar fhoinse mar go raibh Gaeilge den scoth ag Johnny agus thiocfadh leis focla úra a chruthú fosta !*

**Johnny Phádraig Shéamais**

*Bhí lúchair orm féin an deis a fháil sna seachtóidí turas a dhéanamh suas an Mhaoil Ruaidh leis ar cheann de na soithí. Chuaigh muid ar bord ag Rath Mhaoláin mar nach raibh captaen an tsoithigh ar an Mhaoil Ruaidh ariamh cheana. Ag teacht isteach béal na Maoile Ruaidhe 'sé an rud is mó ar chuir mé sonrú ann ná gur ón talamh is mó a bhí Johnny ag fail treoir agus ba sin an dóigh a bhí sé an bealach*



*ar fad isteach go dtí an muileann i mBaile na nGallóglach. Is cuimhin liom go fóill cad é a dúirt captaen an tsoithigh le Johnny nuair a shroich muid Baile na nGallóglach, 'sé sin go mbeadh cuid píolótaí an Mersey ina bhfir saibhre dá mbeadh orthu turas casta na Maoile Ruaidhe a dhéanamh.*

*Ní dhearna Clann Uí Luodhóg saibhreas ar bith ag obair mar phíolótaí ar an Mhaoil Ruaidh ach bhí bród orthu as a gcuid oibre agus an lá a dúirt Eoghan Ó Luodhóg leis an Tiarna Liatroma nó lena ghníomharthaí go raibh a fhios aige na háiteacha nach raibh na bainc ghainimh bhí an ceart aige agus*

*chuaigh an t-eolas sin ar aghaidh ó ghlún go glún. Nuair a fuair Johnny bás sa bhliain 1983 thiocfaí a rá go raibh deireadh ré tagtha, bhí ré na bpíolótaí ar an Mhaoil Ruaidh thart. Ní raibh prátaí póir a n -onnmhuiriú níos mó agus bhí deireadh ag teacht le muileann Bhaile na nGallóglach.*

**Leac cuimhneacháin a chur clann Uí Luodhóg suas in ómós do Phádraig Shéamais, an fear a cailleadh.**

*Tá sé deas go bhfuil teach an phíolóta i gcuid láimhe bhunadh chlann Uí Luodhóg go fóill, sin Susie, iníon Johnny agus a fear céile Séamas Kelly agus a gclann ----an teach sin ar chladach Dhún Duáin as a dtáinig ceithre ghlún d'fhir a chinntigh gur shroich na soithigh uilig a chuaigh suas an Mhaoil Ruaidh ceann scribe go slán sábháilte.Rinne siad seo ar feadh corradh agus céad bliain.*



## Cupla Reabhlóga

Tá neascóid ar ioscad an easpaig.
Ach níl a fhios ag an easpaig go bhfuil neascóid ar a ioscaid.
oooo
D'ith damh dubh ubh amh ar neamh.
oooo
Arsa Doug beag bog: ""Rug gob beag bog gog beag bog.""

## An tOireachtas

Sé seo an chéad bhliain do Chéim Aniar páirt a ghlacadh san Oireachtas agus bhí 10 nAgallaimh Beirte againn ann. 'S iad páistí as rang a cúig is rang a sé ó Scoil Naomh Bríd agus Scoil Cholmcille a bhí ag déanamh na nAgallamh. Bhuaidh beirt acu an dara h-áit sa chomortas faoi 12.





Tá sé mar sprioc againn Féile bheag agallaimh beirte agus dánta a reáchtáil ar an bhliain seo chugainn " 2007"roimh an Oireachtais. Beidh muid ag tabhairt cuireadh do scoileanna an iar-thuaiscirt agus cúpla scoil ón Tuaisceart.



# An Ghlíob




Seo Baile Fearainn a fuair a ainm ó thalamh Eaglaise agus de réir na seandaoine bhí scoil ar an bhaile seo sa tsean am ach deirfinn gurbh "hedge school" mar a tugadh orthu a bhí ann mar nach bhfuil sean bhallóga ar bith le feiceáil. Seo an t-aon Bhaile Fearainn i Ros Goill nach bhfuil cósta farraige aige. Tá an baile scartha píosa beag ó chéile, an baile thall agus an baile abhus agus is minic a bheadh rud beag comhlint eatarthu in amanna. Ba clochán a bhí sa bhaile thall, sin baile ina raibh tithe an bhaile ar mhullach a chéile, rud a d'fhág aos óg an bhaile ag rith ó theach go teach agus scéalta breatha le cluinstin acu, b'fhéidir cuid acu fíor agus cuid acu nach raibh ach thug se saibhreas na teanga agus na sean ghnástaí dóibh. Bhí fadhb bheag le seo fosta mar nuair a bhí an t-am ann a gcuid a thabhairt do na cearca bhí deacrachtaí acu a gcuid cearca féin a scaradh ó chuid an bhaile agus deirfinn go raibh níos mó ná na cearca ag scolgarnach in amanna. Bhí na cuibhrinn rannta ag córas Rundale, d'fhág sin cuibhreann tí amháin sínte le cuibhreann tí eile, rud a thóg ioplach anois is arís go háirithe nuair a bhrisfeadh ainmhí amach as cuibhreann. Níl morán ainmhithe le feiceáil ná le cluinstin fá na bailte beaga seo anois. Ins na caogadaí bhí an clochán beag seo glórach, lách agus garúil agus is as bailte mar seo a tháinig an meitheal, seo scaifte fear ón bhaile ag tabhairt lá oibre dá chéile leis an bharr a shaothrú nó lá oibre ar an phortach agus cuid mhaith rudai eile agus sin mar a bhí sé ar an Ghlíob.

Seo na tithe atá agus a bhí ar an Ghlíob o na triocaidí nó mar sin. Tosóidh mé ag teach Sti-



ophán Beag, teach breá dhá stór le ceann sclátaí, a tógadh indiadh am an chogaidh. Cha raibh tithe mar seo ró-choitianta ag an am, teach ina raibh craic, ceol agus damhsa i gcónaí ann. Bhí Stiophán Beag pósta ar Gracie A' Phatharlan agus cosúil le morán eile fear sa cheanntar bhí acu le himeacht thar sáile san Fhómhar ag an ghutáil nó ag obair ag na feirmeoirí le cupla punt a shaothrú le tabhairt 'na bhaile. Hi-ot amháin ag filleadh arais na bhaile do thart fá am conascaire, bhuail sé cnag ar an doras agus é cóirithe suas go breá, is dócha nár aithin Gracie an fear cóirithe seo agus dhruid sí an doras ina aghaidh— sin an scéal ar chor ar bith! Bhí mac amháin, Jimmy, agus cúigear iníon acu. D'fhan Jimmy fán bhaile agus phós sé Maggie Peoples as Glinsc, bhí seisear mac agus iníon amháin acu. Tá Pól, an mac is óige, ag tógáil teach úr san am i láthair ar shuíomh an tseantí. Téann muid síos píosa an baile go dtí an dá



theach cheann tuí, teach Phat Charlie agus teach Johnny Phatharlan agus iad ceanglaithe le chéile agus faoin díon amháin. Tosóidh muid le



teach Phat. Ba Pat, athair Dinis, agus do réir na seanscéalta, an fear deireanach a chonaic taibhse ar an taobh thoir. Bhí Mac Phat (Dinis), is seo an t-ainm a fuair sé i gcónaí óna bhean chéile Bella, óna chlann agus ó Ann Lynch, colceathar do Dinis, a bhí ina cónaí sa teach leo. Bhí cáil ar Ann mar ghutalaí scadán agus deir siad gurbh í an t-aon bhean amháin a théadh mar bhall de chriú fear go háiteanna éagsúla in Éirinn, Sasana, agus Alban ag gutáil scadán pé áit a raibh siad. Chaith sí tréimhse fosta ar ché na nDúnaibh ag gutáil nuair a bhí an t-iascaireacht mhór scadán ann i dtús an chéid deireanach. Fear mór ábalta a bhí i Mac Phat agus seanchaí ar dóigh. Bhí scéal difriúil agus suimiúil aige do shean is óg agus shuífeá go maidin ag éisteacht leis. Bhí sé fosta eolach ar ainmhithe agus cliú is cáil air sa pharóiste ón taobh seo de. Bhí sé ábalta bó a thomhais, rud nach raibh morán ábalta a dhéanamh agus ní raibh de threalamh a dhith air ach maide briste agus aibhleog dhearg. Bhí bó le tomhais nuair a bhí sí caite, sin é cha raibh sí in ábhair gamhain



a thógáil. Tá scéal amháin a d'inis Dinis Dhonnchaidh Mhícheáil dom fán am a fuair a athair John é le bó a bhí aige a thomhais. Thosaigh Dinis leis an mhaide briste agus an aibhleog ach leath bealaigh fríd stad sé agus dúirt sé le John "Tá dabht agam go raibh fear éigin eile ag útamáil leis an bhó seo romhamsa." Is cosúil go dtug John é féin iarracht an bhó a thomhais agus gur theip air ach níl fhios cén dóigh a raibh a fhios ag Dinis faoi seo. Bhí Dinis pósta ar Bhella, iníon John Bán as an bhaile abhus agus bhí ceathrar mac agus beirt iníon acu. Tá Paidí agus John sa bhaile agus iad ina gcónaí píosa ar chúl an tsean tí, seo teach a thóg Dinis agus Bella ins na seascaidí. Tá an sean teach folamh agus ina bhoitheach le fada.

Thóg mac eile dóibh Charlie teach úr ar na mallaibh síos giota faoin tseanteach, áit a gcaitheann sé féin is a theaghlach cuid mhaith ama.

Mar a dúirt mé, bhí teach Johnny Phartharlan



agus teach Phat faoin díon amháin, bhí Johnny pósta ar Ghracie Charlie Pháidí as Cluain tSalach. Bhí seisear iníon agus mac amháin acu





agus níl aon duine acu beo inniu ach amháin Aggie. Seo teaghlach gur cuimhin liom a théadh go hAlban achan séisiúr ag 'an tataí thochái!' D'fhág Johnny agus Gracie an Ghlíob am éigin sna daicheadaí agus chuaigh siad go Cluain tSalach. D'fhág sin an teach ar an Ghlíob folamh. Tá teach saoire tógtha ar an suíomh seo anois ag teaglach as na sé contae.

Siúlfaidh muid síos cupla coiscéim eile go teach Ainne agus seanteach a' Ghréasaí a bhí faoin díon amháin fosta agus ceann tuí orthu, áit a raibh John, Feardaí agus Annie ina gcónaí agus cha raibh aon duine acu pósta. Nuair a fuair Annie bás tháinig Kitty 'na bhaile lena mac Micí as Sasana. Bhí Annie agus John mothúil agus soineanta ach lá amháin bhí Mac Phat amuigh ag 'whitewasháil' mar a ba gnáth leo a rá, seo aol agus gorm measscaithe le chéile agus péinteáilte ar na ballai amuigh is istigh. Bhí sé ar a dhícheall agus é a rá leis féin go breá ard 'A Ghallachóir is tú thig é a dhéanamh' mar go raibh a fhios aige go raibh Annie a choimhead agus 'sé an freagra a thug sí air ' Is maith gur tú féin atá do mholadh'. B'fheidir go raibh sí mothúil ach



cha raibh sí ró-mhall. Bhi Feardaí fosta sa teach le Annie agus John, ní raibh sé ró-mhór ach bhí sé miotallach. Sórt de Chúchulainn an taobh thoir a bhí ann leis na gaiscí uilig a rinne sé ina lá. Bhí suim mhór aige san iariaireacht go háirithe ar na carraigeacha le slat, agus tá sé ráite go raibh sé ábalta an fabhaire a bhí ar an ruaim a chur trasna na Maoile Ruaide go taobh Fhánaide, ní raibh sin déanta ó shoin!! Tá an teach seo folamh le fada agus ina bhoitheach le fada. Thóg siad teach úr ins na caogadaí os coinne an tseantí an áit ar chónaí siad fada go leor. Tá an teach seo ceannaithe mar theach saoire ag teaglach as na se contae le tamall anuas.

Thóg Micí mac Kitty agus a bhean chéile teach úr píosa ar chúl an tseantí le goirid agus tá iníon dóibh anois ag tógáil teach di féin cóngarach dóibh.

Mar a dúirt mé bhí seanteach a' Ghréasaí agus



seanteach Ainne faoin díon amháin. Cha chuimhin liom cónaí a bheith i seantetach a Ghréasaí an áit ina bhfuil boitheach anois. Síos píosa eile bhí teach úr a Ghréasaí, seo teach dhá stór le ceann sclátaí cosúil le teach Stiophán Beag a tógadh ins na triochaidí chomh maith. Bhí Stephen, Máire agus a fear céile Dinny Éamonn as an taobh thiar ina gconaí ann. Fear mór caol cruaidh ard a bhí i Stephen agus deirtear nach raibh fear níos fearr san íochtar le spáid nó speal ná é. Mar a dúirt mé bhí Dinny Éamonn ina fhear poist ar an taobh seo ar feadh na mblianta fada. Is ioma dea-scéal agus droch scéal a thug sé do na daoine agus é ag tabhairt amach a chuid litreacha. Bhí Honda 50 aige ins na blianta deireanacha, rud nach raibh ag mo-

rán. Bhí an oiread cáil ar an Honda seo agus a bhí ar Dinny é féin!!
Bhí mac amháin acu, Michéal, a thóg teach breá úr ar shuíomh an tseantí an áit ina bhfuil sé féin agus a bhean ceile Margaret ina gcónaí.
Tá mac agus iníon dóibh ag tógáil tithe úra



dóibh féin i láthair na huaire cóngarach don tseanteach.
Tá teach úr eile á thógáil ag teaglach as na sé Contae siar ó theach John Phat san am i láthair.
Téann muid anonn go Tobhar na hAilte Báine



agus síos go dtí teach John Bán agus teach Mhicí Mhánuis. Mar a gcéanna bhí an dá theach seo faoin díon amháin. Tithe ceann tuí a bhí iontu sa tseanam ach cuireadh ceann sclátaí ar theach John Bán sna triochaidí. Bhí John Bán pósta ar Nancaí Nic Aodha as Ailt a Chaorthainn. Is cosúil go raibh John ag dul den phóitín ina am agus deirtear go dtáinig na gardaí air oíche amháin gan mhothú agus fuair greim ar a bheiste. Scaoil sé an bheiste agus lig leo é agus bhain na bunnaí as ach chaill sé trealamh an




phoitín. Bhí cúig chloigín déag de chlann acu agus d'imigh an chuid ba mhó acu go Meiriceá ach d'fhan Jimmy agus Páidí Mór sa bhaile. Phós Jimmy Cassie Coyle as an Raplach agus bhí cearthrar mac agus beirt iníon acu. Níor posadh Páidí Mór agus chaith sé a shaol ag feirmeoireacht, seo fear cruaidh láidir a bhí amuigh in achan chinéal aimsire. Is cosúil gur ghnáth leis in amanna nuair a bheadh sé ag piteáil prátaí agus dá dtagadh cioth fearthainne bhainfeadh sé de a chóta agus chlúdódh sé na prátaí leis, sin an meas a bhí aige ar a shláinte. Bhí cónaí ar mhac Jimmy agus Cassie, sin Danny agus a bhean chéile Marian agus a gclann, sa tseanteach go dtí gur thóg siad teach úr píosa os cionn an tseantí tamall ó shoin.
Tá an seanteach leagtha agus tá iníon Danny,



Roisin, ag tógail teach úr ar an suíomh san am i láthair. Anonn giota ó theach Danny agus Marian tá teach breá tógtha ag a mac Pól agus a



bhean chéile Treasa, an áit ina bhfuil siad ag tógáil clainne.



Píosa beag síos uaidh sin tá Ned agus a bhean chéile Marian ag tógáil teach úr, seo deartháir do Danny atá ag teacht arais as Sasana le cónaí anseo.

Tá sean teach Mhící Mhánuis leagtha fosta agus mar a dúirt mé bhí an dá sheanteach seo faoin díon amháin agus tógadh an dá theaghlach mar theaglach mhór amháin.

Bhí Mandaí, Micí agus a bhean chéile Sally as



an Raplach agus a gclann ina gcónaí anseo go dtí na caogadaí nuair a thóg siad teach úr os cionn an bhealaigh mhóir. Char ghlac Mandaí ró-mhaith leis an athrú seo ag an am mar go raibh a mheabhair ag dul chun deiridh. Ar lá tórraimh a dhearthár Micí nuair a fágadh an chónair taobh amuigh den doras le cupla paidir a rá tháinig Mandaí amach. Agus é ina sheasamh ag amharc ar an chónair dúirt sé leis féin "tchím nach bhfuil an fear seo ag dul a dhéanamh an bhat ar an tséisiúr seo ach oiread." Ba sin cuid smaointe Mhandaí bocht— is cosuil go raibh Micí bocht tinn le tamall. Bhí teaghlach mhór ag Micí agus Sally agus níl ach Mánus agus Máire fágtha anois. Níl duine a bith dena mbunadh ina gcónaí sa teach ó fuair Dinis bas.

***Ta cuid mhaith de na daoine atá luaite thuas agam ar shlí na fírinne, go ndéanfaí Dia Teócaire ar a n-Anamnacha.***



## Oíche Chiúin

Oíche chiúin, oíche Mhic Dé,
Cách 'na suan, dís araon,
Dís is dílse ag faire le spéis,
Naí beag gnaoi-gheal ceanán tais caomh
Críost ina chodladh go séimh,
Críost ina chodladh go séimh.

Oíche chiúin, oíche Mhic Dé,
Aoirí ar dtús chuala an scéal,
"Alliluia" aingil ag glaoch
Cantain Shuairc i ngar is i gcéin
Críost ár Slánaitheoir féin,
Críost ár Slánaitheoir féin.

Oíche chiúin, oíche Mhic Dé,
Mac Dé bhí, gáire a bhéil,
Tuar da rá 's dá lán-chur i gcéill,
Ann gur tháinig tráth chinn a tséin,
Críost a theacht ar an saol,
Críost a theacht ar an saol.



***Ba mhaith linn ómós a thabhairt don chuid is sine dár muintir agus achan duine acu os ceann ceithre scór agus deich mbliana d'aois.***

**Siosáile Nic Laifeartaigh**
**Siosáile Hughie Den.(92)**



Rugadh Siosáile ar an tseanbhaile i nDumhaigh ar an ochtú lá fichead de Dheireadh Fómhair 1914. Bhí sí ar an séú duine d'ochtar clainne a bhí ag Hughie Den Shéarlaí agus Máire Shéarlaí Dhonchaidh Mhóir.

Chuaigh sí 'na scoile i nDoire A'Chasáin go dtí go raibh sí ceithre bliana déag. Shíuil siad as Dumhaigh agus dheamhan morán foscaidh a bhí ar an bhealach sin dar leí. Ba ghnáth léi na Samhraidh a chaitheamh nuair a bhí sí óg ar fhostú i nDoire A' Chasáin. Nuair a d'éirigh sí ní ba shine chuaigh sí ag obair in Óstlann Ros na Binne.Ní raibh sí ar shiúl as baile ariamh taobh amuigh de thréimhse a chaith sí ag obair i mBéal Feirste mar chailín aimsire ag teaghlach a ba ghnáth a theacht 'na hÓstlainne. Bhí sí ag buachailleacht ar na talmhaí an lá a cailleadh colceathar léi, a bhí amuigh ag iascaireacht gliomach, Den Phádraig Den.

Pósadh í ar an 12ú lá d'Aibreán 1939 ar Mharcas Mac Laifeartaigh as an Bhaile Úr nó Marcas Beag mar ab fhearr aithne air agus bhí seisear clainne acu—ceathrar mac agus beirt iníonach. Chuaigh siad a chónaí sa teach a bhí ag Marcas ar an Bhaile Úr. Teach ceann tuí a bhí sa teach cónaí agus oíche amháin agus an teaghlach uilig ina gcodladh mhuscail sí suas agus bhí an tuí ar thine. Dódh an teach go talamh ach go hádhúil le Dia d'éalaigh an teaghlach uilig as an teach slán. Thóg siad teach úr in aice an tseantí.

Fuair a fear céile Marcas bás sa bhliain 1982 agus tá Siosáile beo go breá compordach ar an Bhaile Úr go fóill agus cé nach bhfuil sí chomh aclaí agus a bhí sí tá a hintinn chomh géar soiléir agus a bhí sé ariamh.

Measann sí fhéin gur aer folláin na farraige agus an bia a tháinig amach as a thug saol fada di. Dúirt sí nach raibh a dhath san fharraige ná ag fás fán chladach nár ith siad ina n-óige.

**Annie Nic Lochlainn**
**Annie John Pheigí.(94)**

Rugadh Annie ar an 2ú lá de Mhí Dheireadh Fómhair 1912 ar an Chloich Bháin. Cé a bhí sa bhunadh agus cé mhéad duine a bhí sa teaghlach?



Chuaigh sí 'na scoile go seanscoil Mhíobhaigh agus ansin nuair a osclaíodh an scoil úr i 1923 chaith sí cupla bliain anseo. Nuair a bhí sí ceithre bliana agus fiche pósadh í ar Neidí Jimí as Gort na Luchóg agus bhí cúigear clainne acu – Bidí, Donchadh, Jimí, Máire agus Neidí. Fuair Bidí an duine ba sine sa chlann agus a bhí pósta ar Johnny Mac Rodaigh bás gan choinne roinnt blianta ó shin.

Deir sí nach dtabharann obair chruaidh bás duine ar bith agus leoga ní raibh a dhath bog fá shaol Annie. D'obair sí d'fheirmeoirí istigh i nDoire agus fosta ar an Cheathrú Chaol---obair a bhí maslach go leor. D'obair sí fosta i dTeach Bhaile Eochagáin agus chaith sí cuid mhór dena saol oibre ag obair sa teach níocháin in Óstlann Ros na Binne.

Tá Annie ina cónaí anois i Leargán Riabhach lena mac Neidí agus í i sláinte mhaith agus a hintinn breá géar i rith an ama.

Deir sí go gcuidíonn obair chruaidh agus bia folláin macasamhail bia farraige leis an chorp agus go dtabharann seo saol fada do dhuine.

**Mánas Mac Pháidín**
**Máinigh Mhíchíl (98)**

Rugadh Máinigh i nDumhaigh i Mí Meithimh na bliana 1908, sa teach céanna a bhfuil cónaí air ann go fóill, an cúigiú duine de chloigeann déag clainne a bhí ag John Mhíchíl Mhánais agus ag Nuala

Chonchúir Rua.
Seacht mbliana a bhí sé nuair a chuaigh sé 'na scoile



agus chaith sé tri bliana ag dul go rialta.Bhíodh sé ar fostú achan bhliain ó Mhárta go Samhain, théadh sé 'na scoile i rith an Gheimhridh agus sin mar a bhí an scéal go dtí gur fhág sé an scoil nuair a bhí sé seacht mbliana déag d'aois. Ba ag an ghutáil a chaith Máinigh an chuid ba mhó dena shaol. Thosaigh sé sna Dúnaibh i 1927 agus níor stad sé den obair seo go dtí 1976. Nuair a thainig meath ar thionscal na hiascaireachta sna Dúnaibh sna fichidí ba ghnáth le scaifte de bhunadh na háite, idir fhir agus mhná, a dhul thar lear ag an ghutáil. Thosaigh séasúr an ghutáil i gcónaí thuas sna Shetlands ag tús Mí Meithimh.
Thug an obair seo é ó na hOrkneys i dTuaisceart na hAlban go dtí Yarmouth In Oirthear Shasana. Bhíodh sé ín áiteanna eile fosta macasamhail Ard Glas, Oileán Mhanainn, na hOrkneys, agus Lowestoft. De thairbhe gur rugadh Máinigh in aice na farraige bhí dlúth-cheangal aige leis an fharraige i gcónaí. Chuaigh sé amach sa churrach lena athair nuair nach raibh sé ach seacht mbliana d'aois agus chaith sé a shaol amach is isteach ar an churrach. Bhí sé os cionn na ceithre scór nuair a rinne sé a thuras dheireannach amach a iascaireacht sa churrach agus amach leis fhéin a rachadh sé. Ba aoibhinn an radharc é tráthnóna Samhraidh Máinigh a fheiceáil ag teacht 'na chladaigh agus currach lán éisc leis, ba seo páirt den seansaol a bhí imithe. Tharfadh sé i do chuimhne véarsa as an dán breá sin le Máirtín Ó Direáin:

***Tollbhuillí fanna***
***Ag maidí rámha,***
***Currach lán éisc***
***Ag teacht chun cladaigh***
***Ar órmhuir mhall***
***I ndeireadh lae:***
***San Earrach Thiar.***

**Frank Rooney. (93)**

Rugadh Frank Rooney i nGleann Ád i gCo. Liatroma i mbaile fearainn Shesnan ar an 12ú Lúnasa 1913. Bhí sé ar an ceathrú duine de chúigear clainne agus is é an duine deireannach den teaghlach atá fágtha.
Shaothraigh sé a bheatha mar oibrí feirme thart faoina bhaile dhúchais agus in áiteanna eile fá Chontae Liatroma agus fá Cho. Fhear Manach chomh maith le bheith ag obair i muilte



sábhadóireachta agus in aeradróim i gCo.Aontroma.



Sa bhliain 1947, bhí sé ar dhuine de na mílte a d'imigh thar sáile ar lorg oibre agus ba ar Londain a thug sé a aghaidh. Casadh a bhean Annie Ní Bhuaidhe, (Annie Pháidí Bhuaidhe) as Ceann Na

Leargaí dó sa Bhaile Meánach i gCo. Aontroma nuair a bhí sise ag obair ansin mar chúramóir leanaí. Phós siad i Londain sa bhliain 1949 agus tá beirt clainne acu, Margaret agus Frances. Chaith Frank an bhliain déag agus fiche ag obair i monarcha innealltóireachta agus chuaigh sé amach ar phinsean sa bhliain 1978. Sa bhliain 1979 d'fhill sé féin agus Annie ar Éirinn le athchóiriú a dhéanamh ar an teach i gCeann Na Leargaí inár rugadh agus inár tógadh Annie agus sin an áít a bhfuil siad ó shin.

Chuaigh na blianta a chaith sé ag saothrú mar oibrí feirme go mór 'un tairbhe dó nuair a chur sé faoi i gCeann Na Leargaí mar go raibh gairdín glasraí den scoth aige ansin agus ba mhór an phléisiúr a bhain sé as a bheith amuigh ag obair ann. Bhí suim mhór aige cúram mhaith a thabhairt dona charr fosta agus bhí sé féin le feiceáil amuigh ag tiomáint go dtí go raibh sé deich mbliana agus ceithre scór.

Bhí stróc aige trí bliana ó shin agus cé nach bhfuil sé chomh aclaí agus a bhí sé ----ní bhíonn sé ag tiomáint ná ag obair sa ghairdín--- coinníonn sé an intinn bréa géar trí a bheith ag déanamh crosfhocail.Tá dúil mhór aige á bheith á thiomáint thart agus níl turas ar bith a thógann a chroí chomh mór leis an turas thart ar chúrsa na farraige. Tagann a ghariníonacha as Londain ceithre nó cúig uaire i rith na bliana agus nach seo a choinníonn an croí i mbláth na hóige.


**Máire Ní Bhrógáin**
**Máire Thuathail. (93)**

Rugadh Máire ar an 27ú lá de Mheithimh 1913 i mBaile na Deora áit ar tógadh í agus ar chaith sí a cuid ama go dtí gur pósadh í ar Hughie Ó Brógáin as an Mheall Mhór.

Chuaigh Máire go Seanscoil Mhíobhaigh fosta----- bheadh sí féin agus Annie John Phéigí ag dul 'na scoile thart fán am amháin.

Chuaigh Máire a chónaí ar an Mheall Mhór áit a raibh teach ag Hughie agus seo an áit ina raibh sí go cupla bliain anuas nuair a d'fhill sí ar Bhaile na Deora arís.






## Cupla Seanfhocal

Ní féidir an bhó a dhíol agus an bainne a ól.
xxxxxxxxxx

Ní hionann dul go dtí an baile mór agus a fhágail.
xxxxxxxxxx

Is maith sú bó, beo nó marbh.
xxxxxxxxxx

An té is mó caint, is é is lú obair.
xxxxxxxxxx

Is beag an ráfla nach gcluin dís.
xxxxxxxxxx

Is uaisle onóir ná ór.
xxxxxxxxxx

Cuairt ghearr, is í is fearr.
xxxxxxxxxx

Is fusa titim ná éirí.
xxxxxxxxxx

An riu is annamh, is iontach.
xxxxxxxxxx

Chíonn beirt rud nach bhfeiceann duine amháin.
xxxxxxxxxx




# Feadaímó

Tá Feadaímó, a uncail, Proinsí Rua agus Conal óg Mac Giolla Bhríde i ndiaidh comharsa béal dorais, Seán Mháire Den agus trí phríosúnach eile a bhí i mbraighdeanas leo, a scaoileadh saor ón bheairic i gCill Mhic nEánáin.

Rith siad leo i rith na hoíche, ag gearradh as achan aicearra a bhí ar eolas acu, le bheith ar an Aifreann maidín lá arna mhárach sa dóigh is nach dtarraingeoidís aird orthu féin trí a bheith as láthair. Ar an drochuair tá an Captaen Albertson, fear a casadh orthu don chéad uair nuair a bheir sé ar Sheán Mháire Den sa phortach an lá roimhe sin, agus a mharcshlua, tar éis theacht le ruathar anuas ar lucht an aifrínn, á scaipeadh agus á scanradh. Bhí a fhios ag na fir, ó iompar an Chaptaen sa phortach, gur fear gan trócaire a bhí ann agus gur fear é fosta nach raibh meas ar bith aige ar na Gaeil. Anois, bhí mná agus páistí ag caoineadh agus fir ag déanamh a ndícheall uchtach a thabhairt díofa, cé gur bheagán a bhí acu féin faoi lansaí na ndragún. Thit croí Pháidí Dhomhnail, athair Feadaímó, nuair a chonaic sé an Captaen Albertson. Chuir an Captaen stad lena chapall os comhair an tsagairt. We're looking for a certain John Coll, where is he ? "I have no idea" arsa an sagairt. "Liar," a scairt an Captaen agus an fhuil ag éirí ann. " You papist priests know everything that these maggoty scum get up to". Bhuail an Captaen an sagart lena eachlasc ansin agus thit an comaoineach ar an talamh. D'éirigh scread uafásach ó na daoine nuair a chonaic siad seo. Chuaigh an sagart ar a ghlúine leis an chomaoineach a thógáil agus chuir an Captaen a chapall chun tosaigh ag satailt na bpíosaí beaga geala isteach sa talamh. Ghlac Feadaímó coiscéim chun tosaigh ach chuir a athair srian air. Má tharraingíonn tú aird an fhir sin ort inniu a Fheadaímó beimid uilig sa phríosún tráthnóna.

Cha dtiocfadh leis an rí rá agus an ruaille buaille a bheith a dhath níos measa dá mbeadh an madadh rua i ndiaidh briseadh isteach i gcró na gcearc. Bhí achan rud bun os cionn. Bhí fir ag brú chun tosaigh le cuidiú a thabhairt don tsagart, bhí mná ag déanamh iarracht páistí a choinneal teann lena taoibh, ag an am chéanna bhí na páistí ag iarraidh talamh bán a chur eatarthu féin is beachaí fíochmhara na ndragún. Bhí na dragúin iad féin ar imeall an slua ag bagairt agus á maslú ina dteanga coimhthíoch féin. Thiontaigh an Captaen aghaidh a chapaill ón tsagart agus le léim amháin bhí sé ar mhullach na charraige a bhí in úsáid ag an sagart mar altóir. Scaoil sé piléir ins an aer. Stad an callán.

"A murderer from this locality by the name of John Coll managed to break out of the jail in Killmacrennan last night. This criminal will, in all probability, try to make his way here, and if he does i want him handed up immediately. There will be no mercy shown to anyone who tries to aid the escape of this man. Now, there is a possibility that a person or persons from this locality aided him in his escape. If you have noticed anyone's absence here this morning please inform me or one of the dragoons immediately. In the meantime however you will be held in this spot until such time as all the hovels have been searched.

Ní raibh Béarla ar bith ag nócha naoi faoin gcéad de na daoine ach idir an sagart agus cúpla fear eile a raibh an teanga sin acu, ní raibh an scéal i bhfad ag dul thart. D'éirigh an monabhar cainte agus thosaigh na daoine ag brú i dtreo an bhealaigh. Daoine a bhí iontu nach raibh mórán acu ina gcuid tithe ach mar sin féin ní raibh siad sásta go mbeadh scuad dragún ag trampáil fríd na mbotháin bochta a bhí acu gan smacht dá laghad orthu. Scairt an Captaen ar an sáirsint agus dúirt rud éigin leis. Chuaigh an sáirsint chuig dragúin eile agus shéid seisean buabhall. Tharraing an buíon uilig ar ais fiche slat agus thug siad amach na muscaeid. Dírigh siad iad ar na daoine agus stad an gearán agus an bogadh. Ní raibh le déanamh ag na fir anois ach seasamh idir na mná 's na páistí agus cuid muscaeid na ndragún. D'imigh an chuid is mó de na ndragúin i dtreo na dtithe ansin agus choinnigh an cuid eile acu a muscaeid dírithe ar na fir. Labhair an captaen leis an sáirsint arís agus scairt seisean amach dhá ainm. Tháinig beirt saighdiúir a bhí ag marcaíocht ar shean miúil amháin agus iad scartha ón chuid eile den bhuíon chun tosaigh. Thug Feadaímó faoi deara ansin go raibh an bheirt acu costarnocht, agus d'aithin sé ón iompar a bhí leofa agus an fhuil tirim ar a n-aghaidheanna gur tugadh léasadh millteanach dóibh le gairid. Labhair an sáirsint leis an tsagart agus sheas an sagairt in airde ar chloch. "A chairde," a dúirt sé, "coinnígí socair agus beidh seo thart sula mbeidh a fhios agaibh. Tá a fhios agamsa nach bhfuil baint ar bith agaibh leis an rud a tharla i gCill Mhic nEánáin aréir, mar tá achan duine anseo maidin inniu ach amháin cuid de na sean daoine agus beirt na triúr ata ag éileamh. Mar sin de ná bígí buartha faoin bheirt seo. Bhí siadsan mar gardaí ar an mbeairic aréir. Cibé cén dóigh a rinneadh é, chuaigh fear nó fir isteach na phríosúin agus scaoil siad saor na príosúnaigh trí poll a chur sa díon agus d'imigh siad uilig i ngan fhios don bheirt seo, mar bhí siadsan ag freastal ar choirm ceoil a chuir beirt fear meisce ar fáil dóibh." Thosaigh an gáire i measc na ndaoine agus is iad a bhain an sult as an scéal céanna. Níor thuig an dá shaighdiúir focal a dúirt an sagairt ach bhí a fhios acu go raibh siad féin ina ábhar gháire ag an slua.

Chuir an sagart suas a dhá lámh agus thostaigh siad. Tá an bheirt acu seo chun siúil thart ag amharc ar na fir go bhfeicfidh siad an n-aithneodh siad na ceoltóirí. Thosaigh an gáire arís agus las aghaidheanna na beirte suas. Nuair a d'aithin na daoine go raibh na boic náiriste d'éirigh an gáire agus an magadh níos measa.

Scairt an sáirsint rud éigin agus thosaigh an bheirt ag siúl thart tríd an slua. Bhí sé soiléir ón tús gur seo pionós don bheirt mar bhí siad anois ag siúl costarnocht i measc slua daoine a raibh an chuid is mó acu costarnocht ag an am seo den bhliain, agus anois bhí na dragúin ag magadh fosta. Ní raibh a gcroíthe san obair. Bhí siad den bharúil gur ama amú a bhí ann mar bhí a fhios acu nach raibh dóigh ar bith a dtiocfadh le duine ar bith a bheith i gCill Mhic nEánáin aréir agus ar ais anseo roimh an Aifreann ar maidin. Rinne na daoine dearmaid de na muscaeid a fhad is a bhí an siúl náireach seo ag dul ar aghaidh mar bhí spóirt ar dóigh acu leis na saighdiúirí bochta. Thosaigh siad uilig ag ceol agus ag ligint orthu fhéin go raibh siad ólta. Choinnigh Conal Óg agus Proinsí Rua ar shiúl óna chéile ach cha dear sin dífir ar bith. Ní raibh uchtach ag na saighdiúirí amharc isteach i súile na bhfear.

Chaith siad an chuid is mó den lá thíos ag carraig an Aifrinn ar bhruach na Maoil Ruaidhe ach de réir a chéile tháinig na dragúin uilig ar ais agus an scéal leo nach raibh Seán Mháire Den faoin cheantar. D'imigh na dragúin ansin agus chuaigh na daoine 'na bhaile le glanadh suas i ndiaidh an chuairt gan chuireadh a rinneadh ar a gcuid tithe. Chuaigh cúpla bliain eile thart gan morán iomráiteach tarlú faoin áit. Bhí an iascaireacht leis na curacha ag dul ar aghaidh, bhí na prátaí á gcur, bhí an mhóin á bhaint agus bhí an airneál ansin dóibh san oíche. Tharla rud ansin sa bhliain 1815 a chur isteach go mór ar na Gaeil. Briseadh ar Napoleon ag Waterloo. Chuir sin deireadh leis an dóchas iontach a bhí acu go dtabharfadh na Francaigh saoirse dóibh agus go gcuirfeadh siad deireadh le cumhacht na dtiarnaí talún. Ba é sin an crá croí a ba mhó a bhí ag na daoine, an eagla roimh na báillí agus go dtiocfadh leo a bheith caite amach ar taobh an bhealach lá ar bith den bhliain agus gan ceart nó focal acu rud ar bith a dhéanamh fá dtaobh dó. Tá sé doiligh a chreidbheáil ach d'éirigh rudaí níos measa i ndiaidh Waterloo.

Bhí an chumhacht uilig ag na coilíní agus ní raibh le déanamh ag na Gaeil ach an droch-shaol a fhulaingt. Tháinig an scéal amach go raibh an Tiarna Talún ag iarraidh na daoine uilig ar an Mheall Mhór a chuir as seilbh sa dóigh is go mbeadh talamh aige dona chuid caoirigh. Oíche amháin bhailigh na fir uilig isteach i dteach Pháidí Dhomhnail chun an scéal a phlé. Bhí Páidí agus Proinsí ar aon intinn go gcaithfeadh siad uilig seasamh le chéile ar an cheist seo.

Sheas Proinsí agus labhair sé. "Má éiríonn leis an Meall Mór a ghlanadh amach beidh Gort na Luchóg mar sprioc aige don bhliain seo chugainn. Ní stopfaidh sé ag sin. Beidh Dún Dúbháin fosta ar an liosta agus 'ag Dia atá a fhios cá gcuirfidh sé deireadh leis an díshealbhú." Labhair Séamaí Joe Mháire, fear as an Chorrach ansin. "Má tá an ceart ag Proinsí, agus caithfidh mé a rá go n-aontaím leis, thiocfadh leis an leithinis ar fad a bheith ina fheirm caorach gan mhoill. Mar sin de ba cheart go mbeadh muintir an taobh thiar ag an chruinniú seo mar is anois a chaitheas muid uilig seasacht gualainn ar ghualainn. Ní bheidh maitheas ar bith ann dóibhsean a bheith ag tógáil racáin nuair atá muidne uilig ar an tsráid agus na báillí ag an doras acu. Dhéanfaidh mise cruinniú a eagrú leo don oíche amárach." "Ní bheidh maitheas ar bith ins an chruinniú sin do mhuintir an Mhill Mhóir" dúirt Páidí, "mar beidh siadsan caite amach maidin amárach, is má chailleann muid teach amháin, beimid uilig i gcontúirt."

Ní raibh greann ar bith i dteach Pháidí Dhomhnail an oíche seo mar is ábhar trom a bhí a phlé acu agus bhí imní na bhfear soiléir ar a n-aghaidheanna.

Sheas John Mór John Beag agus d'amharc sé thart. Is é an sórt daoine atá ionainn ná daoine a ghlacann le cibé olcas a chuireann na húdaráis mar ualach orainn mar tá barraíocht eagla orainn an talamh a chailliúint. Tá sé le bheith caillte cibé ar bith an t-am seo. Mar sin de caithfidh muid seasadh le chéile agus stop a chur leis an bháille maidin amárach. Cibé cén phlean atá agaibh beidh mise is mo mhadadh libh." bhí Feadaímó ag éisteacht le achan fhocal agus anois sheas sé. Bhí sé cúig bliana déag d'aois anois agus bhí sé níos mó agus níos láidre ná fear ar bith eile sa chomhluadar. Bhí meas ag na daoine ar Feadaímó agus nuair a abhair sé d'éist siad. " De réir mar chímse rudaí, caithfimid an báille a stopadh sula bhfaigheann sé a fhad linn ar chor ar bith. Sílim gur cheart dúinn seasamh a dhéanamh ar an taobh seo de Charraig Áirt agus ba chóir dúinn muintir an taobh thiar a fháil le seasacht linn. Goitse a Shéimí, bhí tú ag caint faoi chruinniú a eagrú, is anois a chaitheas muid sin a dhéanamh. Chífidh muid an chuid eile agaibh ag a seacht a chlog ar maidin, bíodh bata láidir libh uilig." agus d'imigh sé féin agus Séimí Joe.

Bhí an ghealach sa spéir nuair a chuaigh siad amach agus thóg Feadaímó bata mór darach a choinnigh sé sa bhoitheach. D'imigh an bheirt chomh tapaidh is a thiocfadh leofa mar bhí achan bhomaite tábhachtach anois.

***Beidh an chuid eile san chéad eagrán eile.***

# Dánta "Deis Labhartha" Samhain-06
# Dánta "An Béal Binn" Márta 2007

*Bhí Féile Sheáin Bháin a reáchtáil i mBaile na Finne i mí na Samhna agus bhí imeachtaí éagsúla ar siúl ann. Bhí scór páiste ullmhaithe ag Céim Aniar ón dá scoil agus ón Naíonra le páirt a ghlacadh sa chomórtas dánta. Bhí seo ina chleachtadh agus ina táithí iontach díofa. 'Sé seo an chéad bhliain do Chéim Aniar páirt a ghlacadh sa chomórtas agus tháinig siad 'na bhaile le cuig bhonn.*









*Tá comórtas dánta eile ann 'An Béal Binn'do pháistí scoile ó Naíonáin Bheaga suas go rang 6 i mí Márta i nGaoth Dobhair. Beidh scaifte páistí ó Chéim Aniar páirteach sa chomórtas seo chomh maith. Má tá suim ag duine ar bith ann cur scairt orainn ag 9154830.*

## "Gníomh don Gaeltacht" agus "An Baile Beo"




Tháinig moltóirí an chomórtais "Gníomh don Ghaeltacht"ar cuairt chuig na Dúnaibh i mí Dheireadh Fómhair seo thart le bualadh le Céim Aniar agus le fáil amach caidé mar a bhí a gcuid oibre ag dul ar aghaidh agus caidé mar bhí ag éirí leis na tógraí éagsúla atá idir lámha acu. Rinne cupla duine de Choiste Céim Aniar cur síos iomlán ar obair an Choiste, go spéisialta le bliain anuas, agus go mór mhór ó thaobh cúrsaí cur chun chinn na teangan i measc teaghlaigh agus páistí óga an cheantair. Ábhar dóchais fósta go bhfuil níos mó daoine ag baint úsáide as cibí Gaeilge atá acu agus go bhfuil lucht siopaí fonnmhar freastal a dhéanamh tré mheán na Gaeilge ar a gcuid custaiméirí. Fógraíodh torthaí an chomórtais i dteach ósta "An Chúirt" i nGaoth Dobhair Déardaoin an 16ú Samhain, agus bhí lúcháir mhór agus bród ar Chéim Aniar nuair a fógraíodh gur bhain siad an tríú áit –teastas agus €4,000- i Réigiún an Tuaiscirt. Sa phictiúr thuas tá Fíona, Seán Mhicí Ruaidh agus Micí le cuid de na móruaisle oíche an bhronnta. Comhghháirdeas libh, a Choiste Chéim Aniar! Tá obair fhiúntach ar siúl agaibh!

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs
Foras na Gaeilge
Údarás na Gaeltachta